COUR DE JUSTICE
DE L'UNION EUROPÉENNE

1952 - 2022

**PREASEISIÚINT Uimh.° 172/22**
**Lucsamburg, an 27 Deireadh Fómhair 2022**

Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCás C-470/21 | La Quadrature du Net agus Páirtithe eile (Sonraí pearsanta agus an comhrac i gcoinne sárú cóipchirt)

# An Chéad Abhcóide Ginearálta Szpunar: ba cheart go mbeadh údarás náisiúnta in ann rochtain a fháil ar shonraí aitheantais shibhialta atá nasctha le seoltaí IP sa chás gurb iad na sonraí sin an t-aon mhodh imscrúdaithe chun sainaithint a dhéanamh ar shealbhóirí na seoltaí sin a bhfuil amhras fúthu faoi sháruithe cóipchirt ar an Idirlíon

*Dar leis, sásaíonn moladh den sórt sin riachtanas na comhréireachta go hiomlán agus cinntíonn sé urramú ar na cearta bunúsacha a ráthaítear sa Chairt.*

Tá an cheist maidir le coimeád agus rochtain ar shonraí áirithe úsáideoirí Idirlín ábhartha i gcónaí agus is ábhar é do chásdlí na Cúirte le déanaí ach atá flúirseach cheana féin.

Thug ceithre chumann chun cearta agus saoirsí a chosaint ar an Idirlíon (La Quadrature du Net, Fédération des fournisseurs d'accès à Internet associatifs, Franciliens.net agus French Data Network) iarratas os comhair na Comhairle Stáit (an Fhrainc) chun an Cinneadh intuigthe faoinar dhiúltaigh an Príomh-Aire dá n-iarratas ar aisghairm fhoraithne a chur ar neamhní. Chun saothair intleachtúla áirithe ar an Idirlíon a chosaint, tugadh isteach próiseáil uathoibrithe sonraí pearsanta.

Is é cuspóir na próiseála seo ná an rabhadh dá bhforáiltear sa Chód Maoine Intleachtúla a sheoladh chuig daoine aonair, arb é an cuspóir atá leis ná dul i ngleic leis an gcion ar a dtugtar "mórfhaillí", arb ionann é agus nach gcuireann duine cosc ar a rochtain ar an Idirlíon a úsáid chun gníomhartha sáruithe cóipchirt a dhéanamh. Déantar na moltaí a sheoltar chuig na sealbhóirí síntiúis lena mbaineann de réir an nós imeachta "freagartha céimnithe" mar a thugtar air. Áitíonn na cumainn sin go n-údaraítear leis an bhforaithne sin rochtain ar shonraí ceangail go díréireach maidir le sáruithe cóipchirt a dhéantar ar an idirlíon, nach bhfuil tromchúiseach, gan grinnscrúdú roimh ré ó chúirt nó údarás a thairgeann ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta, mar a moladh i gcásdlí na Cúirte[1].

Tugann an Chomhairle Stáit dá aire, chun críocha na moltaí seo, go mbailíonn foireann an Haute Autorité pour la Diffusion des Oeuvres et la Protection des droits sur Internet (HADOPI), gach bliain, cuid mhaith sonraí a bhaineann le haitheantas sibhialta na n-úsáideoirí lena mbaineann. I bhfianaise líon na moltaí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé dodhéanta na moltaí sin a chur i bhfeidhm dá gcuirfí an bailiúchán sin faoi réir an ghrinnscrúdaithe sin roimh ré. Dá bhrí sin, iarrtar ar an gCúirt faoi raon feidhme grinnscrúdaithe roimh ré den sórt sin agus, go háirithe, an bhfuil sonraí aitheantais shibhialta a fhreagraíonn do sheoladh IP faoina réir.

[1] Féach breithiúnas an 21 Nollaig 2016 i gCásanna Uamtha C-203/15 agus C-698/15 *Tele2 Sverige agus Watson agus Páirtithe eile* (féach freisin Preaseisiúint Uimh 145/16).

Ina Thuairim a tugadh inniu, tá an Chéad Abhcóide Ginearálta Maciej Szpunar den tuairim gur cheart dlí an Aontais sa chaoi **nach gcuirtear cosc ar bhearta lena bhforáiltear do stóráil ghinearáltaithe agus neamh-idirdhealaitheach sheoltaí IP a shanntar d'fhoinse cheangail**, ar feadh tréimhse atá **teoranta don mhéid ama atá fíor-riachtanach**, chun a chinntiú go ndéantar cionta coiriúla ar líne a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh arb é an seoladh IP **an t-aon mhodh** imscrúdaithe lenar féidir an duine dá raibh an seoladh sin sannta tráth an chiona a aithint.Agus sin á dhéanamh, iarrann sé ar an gCúirt **coigeartú** áirithe a dhéanamh ar an gcásdlí a bhaineann le bearta náisiúnta maidir le seoltaí IP a choinneáil arna léiriú i bhfianaise dhlí an Aontais, **gan an ceanglas comhréireachta a fhorchuirtear chun sonraí a choinneáil a thabhairt faoi amhras, áfach**, ag féachaint do chineál tromchúiseach an chur isteach ar na cearta bunúsachaa atá cumhdaithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Luann an Chéad Abhcóide Ginearálta leis sin gur cosúil freisin go bhfuil údar maith le rochtain ag Hadopi ar shonraí aitheantais shibhialta mar aon le seoladh IP i bhfianaise an chuspóra leasa phoiblí dár forchuireadh an choinneáil sin ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí, agus é de thoradh air sin gur cheart rochtain ar na sonraí sin **a dhéanamh indéanta chun an cuspóir céanna a shaothrú,** nó ghlacfaí leis go mbeadh saoirse ó phionós ann maidir le coireanna a dhéantar ar líne amháin**.**

Dar leis, **ní cheanglaítear le dlí an Aontais gurb ann do ghrinnscrúdú roimh ré** arna dhéanamh ag cúirt nó eintiteas riaracháin neamhspleách ar rochtain Hadopi ar shonraí aitheantais shibhialta atá nasctha le seoltaí IP úsáideoirí ar dhá chúis: ar dtús, tá rochtain ag Hadopi **teoranta do na sonraí aitheantais shibhialta a nascadh leis an seoladh IP a úsáidtear agus an comhad a breathnaíodh air ag pointe áirithe ama,** gan bheith de toradh air sin gur féidir leis na húdaráis inniúla a lorg brabhsála ar líne an úsáideora lena mbaineann a athchruthú, ná, dá bhrí sin, conclúidí beachta a tharraingt faoina shaol príobháideach taobh amuigh den chomhad beacht a bhreathnaigh sé air tráth an tsáraithe. Ar an taobh eile, tá rochtain ag Hadopi ar shonraí aitheantais shibhialta mar aon le seoltaí IP **teoranta go docht don mhéid is gá chun an cuspóir a shaothraítear a bhaint amach**, eadhon chun gur féidir cionta coiriúla ar líne a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh arb é an seoladh IP an t-aon mhodh imscrúdaithe lenar féidir an duine dá raibh an seoladh sin sannta dó tráth an chiona a aithint, a bhfuil an sásra freagartha céimnithe mar chuid de.

Ar deireadh, chuir an gCéad Abhcóide Ginearálta in iúl go bhfuil an nós imeachta freagartha céimnithe fós faoi réir fhorálacha Threoir 2016/680 agus, mar sin, baineann na daoine nádúrtha atá clúdaithe ag Hadopi tairbhe as sraith ráthaíochtaí substainteacha agus nós imeachta.

**NÓTA :** Níl Tuairim an Ard-Abhcóide ceangailteach ar an gCúirt Bhreithiúnais. Is é cúram na nAbhcóidí Ginearálta réiteach dlíthiúil a mholadh don Chúirt, go hiomlán neamhspleáchas, ar na cás a bhfuil siad freagrach astu. Tá Breithiúna na Cúirte anois ag cur tús lena bpléití sa chás seo. Tabharfar breithiúnas ar dháta níos déanaí.

**NÓTA :** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt an díospóid féin. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé an cás a réiteach de réir chinneadh na Cúirte. Tá an breithiúnas sin ina cheangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán na Tuairime ar shuíomh gréasáin CURIA lá an fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit (+352) 4303 3355

Tá íomhánna de léamh na Tuairime ar fáil ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106

**Bígí nasctha!**